Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7825/26**
**ADD 1**

**DELACT 60**
**VETER 43**
**AGRILEG 71**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 900 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh agus meitríteas tógálach eachaí (Taylorella equigenitalis) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 900 annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 900 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.3.2026
C(2026) 900 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/686 a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24), ionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh agus meitríteas tógálach eachaí (Taylorella equigenitalis)**

# IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(1) leasaítear Cuid 4 mar a leanas:

(a) i gCaibidil I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(a)(iii):

‘(iii) tástáil sainaitheantais oibreáin le haghaidh meitríteas tógálach eachaí *(Taylorella equigenitalis)* agus toradh diúltach uirthi i ngach cás, ar thrí eiseamal tástála (maipíneachtaí) arna dtógáil ón stail bhronntach ar dhá ócáid le heatramh nach lú ná 7 lá eatarthu, agus in aon chás tráth nach luaithe ná 7 lá (cóireáil shistéamach) nó 21 lá (cóireáil áitiúil) tar éis chóireáil fhrithmhiocróbach fhéideartha na staile bronntaí, ó na suíomhanna seo a leanas ar a laghad:

– an forchraiceann,

– an t-úiréadra,

– an *fossa glandis*.

Cuirfear na heiseamail atá faoi réir saothrú i meán iompair le fioghual gníomhachtaithe, amhail meán iompair *Amies*, sula seolfar chuig an tsaotharlann iad.

Déanfar ceann amháin ar a laghad de na tástálacha seo a leanas ar na heiseamail:

– saothrú faoi choinníollacha miocraeraifileacha ar feadh tréimhse 7 lá ar a laghad chun *Taylorella equigenitalis* a leithlisiú, arna shocrú laistigh de 24 uair an chloig ón am a thógtar na heiseamail tástála ón ainmhí bronntach, nó 48 n-uair an chloig i gcás ina gcoimeádtar na heiseamail tástála fionnuar le linn iompair;

nó

– PCR nó PCR fíor-ama chun géanóm *Taylorella equigenitalis* a bhrath, arna dhéanamh laistigh de thréimhse 7 lá ón am a tógadh na heiseamail tástála ón ainmhí bronntach;’;

(b) i gCaibidil II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2(c):

‘(c) cuirfear faoi thástáil sainaitheantais oibreáin iad le haghaidh meitríteas tógálach eachaí *(Taylorella equigenitalis)*, agus toradh diúltach uirthi i ngach cás, ar dhá eiseamal tástála (maipíneachtaí) ar a laghad arna dtógáil ón ainmhí bronntach, agus in aon chás tráth nach luaithe ná 7 lá (cóireáil shistéamach) nó 21 lá (cóireáil áitiúil) tar éis chóireáil fhrithmhiocróbach fhéideartha an ainmhí bhronntaigh, ó na suíomhanna seo a leanas ar a laghad:

– dromchlaí múcóis an fhossa brillín,

– na cuasa brillín.

Tógfar na heiseamail le linn na tréimhse 30 lá ar a laghad dá dtagraítear i bpointe (a) ar dhá ócáid agus eatramh nach lú ná 7 lá ann i gcás na tástála dá dtagraítear i bpointe (i), nó ar ócáid amháin i gcás na tástála dá dtagraítear i bpointe (ii).

Cuirfear na heiseamail tástála dá dtagraítear i bpointe (i) i meán iompair le fioghual gníomhachtaithe, amhail meán iompair *Amies*, sula seolfar chuig an tsaotharlann iad.

Déanfar ceann amháin ar a laghad de na tástálacha seo a leanas ar na heiseamail:

(i) saothrú faoi choinníollacha miocraeraifileacha ar feadh tréimhse 7 lá ar a laghad chun *Taylorella equigenitalis* a leithlisiú, arna shocrú laistigh de 24 uair an chloig ón am a thógtar na heiseamail tástála ón ainmhí bronntach, nó 48 n-uair an chloig i gcás ina gcoimeádtar na heiseamail tástála fionnuar le linn iompair;

nó

(ii) PCR nó PCR fíor-ama chun géanóm *Taylorella equigenitalis* a bhrath, arna dhéanamh laistigh de thréimhse 7 lá ón am a tógadh na heiseamail tástála ón ainmhí bronntach.';

(2) leasaítear Cuid 5 mar a leanas:

(a) leasaítear Caibidil II mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(a):

'(a) coimeádadh iad ar feadh thréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh an seamhan nó le linn é a bheith á bhailiú i mBallstát nó i limistéar de nár tuairiscíodh ionfhabhtú le víreas gormtheanga ann (séiritíopaí 1-24) sa 2 bhliain ar a laghad roimhe sin i bhfoisceacht 150 km den bhunaíocht;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(b):

'(b) coimeádadh iad ar feadh thréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh seamhan nó le linn é a bheith á bhailiú i limistéar atá saor go séasúrach ó veicteoirí i ndáil le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2(a):

'(a) coimeádadh iad ar feadh thréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh na húicítí nó na suthanna nó le linn iad a bheith á mbailiú i mBallstát nó i limistéar de nár tuairiscíodh ionfhabhtú le víreas gormtheanga ann (séiritíopaí 1-24) sa 2 bhliain ar a laghad roimhe sin i bhfoisceacht 150 km den bhunaíocht;';

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2(b):

'(b) coimeádadh iad ar feadh thréimhse 60 lá sular bailíodh na húicítí nó na suthanna nó le linn iad a bheith á mbailiú, i limistéar atá saor go séasúrach ó veicteoirí i ndáil le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24);';

(b) leasaítear Caibidil III mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'**Ceanglais maidir le bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair agus maidir le hainmhithe den**

**fhine *Camelidae* agus den fhine *Cervidae* a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh**';

(ii) i bpointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

'Ní mór do na bó-ainmhithe, na hainmhithe den chineál caorach agus na hainmhithe den chineál gabhair agus ainmhithe den fhine *Camelidae* agus den fhine *Cervidae* ar ainmhithe bronnta seamhain iad coinníoll amháin ar a laghad díobh seo a leanas a chomhlíonadh:';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(b):

'(b) coimeádadh iad ar feadh thréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh an seamhan nó le linn é a bheith á bhailiú i mBallstát nó i limistéar de atá saor go séasúrach ó veicteoirí i ndáil le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh;';

(iv) i bpointe 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

'Maidir leis na bó-ainmhithe, na hainmhithe den chineál caorach agus na hainmhithe den chineál gabhair agus na hainmhithe den fhine *Camelidae* agus den fhine *Cervidae* ar ainmhithe bronntacha úicítí iad le haghaidh tháirgeadh *in vitro* suthanna agus ainmhithe bronntacha suthanna arna ndíorthú *in vivo*, ní mór dóibh ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:';

(v) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2(b):

'(b) coimeádadh iad ar feadh tréimhse 60 lá ar a laghad sular bailíodh na húicítí nó na suthanna nó le linn iad a bheith á mbailiú i mBallstát nó i limistéar de atá saor go séasúrach ó veicteoirí i ndáil le hionfhabhtú le víreas an ghalair fuilreatha eipeasótaigh;'.